


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Altra Tréidliachta |
| **Tréimhse an Phoist** | Cuspóir Sonraithe, Clúdach Saoire Mháithreachais (fad measta 12 mhí) (Painéal sealadach 12 mhí, tá T&C i bhfeidhm) |
| **Grád** | Príomh Altra nó a (h)Ainmní |
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Altra Tréidliachta (Grád Sinsearach) |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019289 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Yasemin Ozdemir |

## Achoimre ar an bPost:

Fáiltíonn Ospidéal Tréidliachta UCD (UCDVH) roimh iarratais do phost mar Altra Tréidliachta ag grád sinsearach laistigh den roinn Máinliachta d'Ainmhithe Beaga, chun cúram altranais ar ardchaighdeán a sholáthar, trí fhreagrachtaí comhroinnte a ghlacadh do fhoireann disciplíne ar leith agus trí chabhrú le sreabhadh othar a chomhordú trí sheirbhísí ospidéil.

Ní mór d'iarrthóirí Cáilíocht Altranais Tréidliachta ar féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann a bheith acu.

Cuirfear iarratasóirí rathúla ar phainéal chun folúntais shealadacha reatha agus amach anseo a líonadh ar feadh tréimhse suas le 12 mhí tar éis na hagallaimh a bheith ar siúl.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

1. **Dualgais altranais**
   - Cúraim altranais ar ardchaighdeán a sholáthar agus gnáthaimh altranais sonracha a chur i gcrích faoi threoir nó faoi mhaoirseacht tréidlia mar a cheadaítear laistigh de Chuid 8 den Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005.
   - Cuidiú leis na tacaíochta altranais agus na gníomhaíochtaí laethúla a chomhordú do dhisciplín ar leith, i gcomhar leis an gCeann Seirbhíse (COS), an príomh altra, agus altra(í) sinsearach(a) eile.
   - Páirt a ghlacadh i seirbhísí atá faoi stiúir altraí, lena n-áirítear clárú agus scaoileadh othar
   - Sláinteachas, glaineacht, agus eagrú ar ardchaighdeán a choinneáil, le béim ar rialú ionfhabhtaithe d'othair, d'fhoireann, do mhic léin, agus do chuairteoirí UCDVH

2. **Dualgais riaracháin**
   - Cumarsáid éifeachtach a chinntiú idir foirne disciplín agus an bhainistíocht
   - Cuidiú le huainchlár dualgas a ullmhú agus le cúrsaí lóistíochta laethúla a réiteach

- Rialú stoic agus rudaí a cheannach trí leas a bhaint as ríomhsholáthar
- Cothabháil trealaimh, deisiú agus comhordú teagmhálaithe seirbhíse
- Prótacail áitiúla a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus páirt a ghlacadh i bhforbairt prótacail ospidéil
- A chinntiú go gcloítear le beartais um rialú ionfhabhtuithe i gcónaí
- A chinntiú go gcloítear le beartais Sláinte agus Sábháilteachta i gcónaí
- Rannpháirtíocht leis an gcoiste um rialú ionfhabhtaithe

Rannpháirtíocht i ndualgais agus i bhfreagrachtaí comhordúcháin seirbhíse ar nós:

- Sreabhadh othar trí sheirbhísí ospidéil a chomhordú
- Amanna gnáthamh a bhaineann seirbhísí eile a chomhordú
- Tús áite a thabhairt do theachtaireachtaí agus iad a chur in iúl do chliniceoirí seirbhíse agus rannóga eile, agus béim á leagan ar chomhordú aghaidh ar aghaidh ar chásanna agus ar sceidealú gnáthaimh
- Pléigh leis na nithe atá ag cur isteach ar rith éifeachtach na hoifige

Comhordú le rannóga eile chun a chinntiú:

- Sceidealú cuí a dhéanamh ar ghnáthaimh leis an rannóg um íomháú diagnóiseach agus an rannóg Ainéistéise
- Cumarsáid mhaith maidir le haistrithe othar idir seirbhísí a chinntiú

Comhordú leis an bhfáiltiú agus leis an Oifig Tréidliachta, an Fáiltiú & Oiifg Airgeadais chun a chinntiú:

- Cásanna práinneacha a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh
- Coinní a sceidealú go cuí, lena n-áirítear: coinní maidir le hainéistéis / íomháú diagnóiseach a chur in áirithe roimh ré,  de réir mar is iomchuí
- Am a shocrú maidir le scaoileadh an othair agus na socruithe a chur in iúl don fhoireann ábhartha

Teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann chliniciúil, lena chinntiú go ndéantar glaonna nó téacsanna nuashonraithe do chliaint gach maidin. (Eolas faoin ainmhí, gnáthaimh, billeáil srl.)

- Comhordú leis an gCeann Seirbhíse agus leis an bpríomh altra chun a chinntiú:
- Soláthar foirne cuí i ngach réimse, i gcomhréir leis an ualach oibre laethúil
- Ullmhúchán cuí do ghnáthaimh (ag cinntiú go bhfuil trealamh, seomra, agus foireann ar faíl)
- Comhordú leis an gCeann Seirbhíse agus altra(í) sinsearac(a) chun a chinntiú go bpléitear le saincheisteanna a bhaineann le cúram othar agus sreabhadh othar go seiftiúil.

**3. Teagasc agus oiliúint**

- Maoirseacht a dhéanamh ar scoláirí tréidliachta agus altranais tréidliachta, agus iad a oiliúint

- Maoirseacht a dhéanamh ar altraí gairme (príomhfhoireann) agus altraí sóisearacha (uainíochta) agus iad a oiliúint
- Measúnú ar mhic léinn tréidliachta agus altranais
- Scileanna praiticiúla altranais a thaispeáint agus a theagaisc
- Treoir gcúram altranais
- Treoir in úsáid trealaimh ospidéil
- Teagaisc intí agus forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) a thabhairt.
- Rannpháirtíocht i gcomhdháil bhliantúil UCDVH

**Sainiúil don phost seo:**

Beidh ort oibriú 36.5 uair an chloig sa tseachtain thar 5 lá i rith na seachtaine idir an Luan agus an Domhnach. D'fhéadfaí go mbeadh gá le hobair lasmuigh d'uaireanta oibre ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta na seachtaine ar bhonn róta. Athróidh amanna tosaithe agus críochnaithe ag brath ar riachtanais an ospidéil. Socrófar leithdháileadh na n-uaireanta oibre seo le do bhainisteoir líne

**Tuarastal: Vet Nurse_Senior Grade (7929) € 48,036 - € 57,511**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.
Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Eolas:**

- Eolas den scoth ar an Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005, go háirithe Cuid 8
- Altraí Tréidliachta
- Saineolas ar róil altranais laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóireachta
- Eolas agus taithí ar chomhordú seirbhísí agus ar chórais sreabhadh othar, más féidir, laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóireachta.

**Cáilíochtaí:**

- Cáilíocht Altranais Tréidliachta ar féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann
- Cáilíochtaí altranais ardleibhéil nó tiomantas do bhreisoideachas ábhartha

**Scileanna:**

- 5 bliana ar a laghad de thaithí iar-cháilithe mar altra tréidliachta nó taithí phraiticiúil ábhartha. Bheadh taithí bheith ag obair laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóireachta ina bhuntáiste.
- Bheith in ann iltascáil a dhéanamh agus oibriú go neamhspleách nuair is gá
- Sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn

- Taithí ar mhaoirseacht agus ceannaireacht foirne
- Taithí ar mhaoirseacht a dhéanamh ar mac léinn tréidliachta agus altranais agus iad a stiúradh

**Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD**

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú.

Inmhianaithe:

**Eolas:**

- Eolas ar rialú stoic agus rudaí a cheannach trí leas a bhaint as ríomhsholáthar

**Cáilíochtaí:**

- Cáilíochtaí gnó nó bainistíochta

**Scileanna:**

- Taithí ar oiliúint a chur ar scoláirí tréidliachta agus altranais tréidliachta agus ar mheasúnú a dhéanamh orthu
- Taithí ar nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Dea-scileanna TF

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú: | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta.

| | |
|---|---|
| Ainm: | Ann Marie Byrne |
| Teideal: | Príomh Altra |
| Seoladh r-phoist: | Ann.byrne@ucd.ie |
| Fón: | |